UNIVERSITY of LIMERICK

OLLSCOIL LUIMNIGH

Fleisc-Am
Scéim

Faofa ag an Údarás Ceannais an 27 Meitheamh 2014

Maidir leis an doiciméad seo agus aon aistriúchán foilsithe oifigiúl de, is ag an leagan Béarla a bheidh an forlámhas i gcás aon easaontacht léirithe a eiroidh.

Scéim Fleisc-Ama

1. Ráiteas faoin bPolasaí

1.1 Cuireann Fleisc-Am córas níos solúbtha láithreachta ar fáil d'fhostaithe laistigh de shainsrianta áirithe. Is é an aidhm atá leis an gcáipéis seo polasaí agus nósanna imeachta sa Scéime a leagan amach.

2. Scóip

2.1 Tá an polasaí seo ar fáil do gach fostaí riaracháin de chuid na hOllscoile faoi réir riachtanais oibriúcháin na hOllscoile. Feidhmeofar an scéim ar bhonn comhaontaithe laistigh den limistéar oibre. Measfar gurb ionann an limistéar oibre cuí agus an t-aonad gnó is lú.

3. Sainmhíniú ar na Téarmaí

3.1 Seachtain Chaighdeánach Oibre: Ní bheidh aon difear idir an líon iomlán uaireanta a bheidh le hoibriú faoi Fhleisc-am thar mar atá faoi láthair ach bheadh deis ag an bhfoireann an t-am a sroichfidís an obair agus an t-am a bhfágfaidís an obair a athrú. Glacfar Fleisc-am agus Fleisc-shaoire le comhaontú an Chinn Roinne / an Bhainisteora. Ag glacadh leis gur gá seirbhís leanúnach a chur ar fáil le linn gnáthuaireanta oscailte, caithfidh dóthain foirne a bheith i láthair i ngach oifig le linn ‘uaireanta oifige'.

3.2 Croí-amanna: Tá "croí-am" caighdeánach éigeantach don fhoireann ar fad, agus is iad seo a leanas na huaireanta atá i gceist: - 10.00am – 12.30pm agus 2.30pm – 4.00pm Tá íos-sos lóin 30 nóiméad éigeantach Ní mór an sos lóin a thaifeadadh ar an gcóras Fleisc-ama, nó déanfar sos lóin iomlán a thaifeadadh.

3.2.1 Is é 8.00am an t-am is túisce is féidir tosú agus is é 4.00pm an t-am is túisce is féidir imeacht. Is é 10.00am an t-am is deireanaí is féidir tosú agus is é 7.00pm an t-am is deireanaí is féidir imeacht.

3.2.2 Ní mór d'fhostaithe a bheith i láthair idir 10.00am agus 12.30pm agus idir 2.30pm agus 4.00pm, ach amháin má cheadaítear a bheith as láthair.

3.2.3 Ní mór obair a dhéantar lasmuigh de na huaireanta oifige sin a bheith indeimhnithe le fianaise agus/nó le comhaontú.

3.3 Fleisc-am Sochair/Dochair: Déanfar na huaireanta solúbtha oibre a ríomh thar thréimhse ceithre seachtaine. Ag deireadh gach tréimhse féadfar aon am sa bhreis (nach rachaidh thar 1 lá) a thabhairt ar aghaidh chuig an chéad tréimhse eile. Féadfar am in easnamh (nach rachaidh thar 1 lá) a thabhairt chun tosaigh chuig an gcéad tréimhse eile fosta, i.e. ag deireadh gach tréimhse ceadófar corrlach de + nó - 1 lá. Ní mór íosmhéid ½ lá a oibriú d'fhonn a bheith i dteideal saoire fleisc-ama ½ lá agus ní mór lá

iomlán a charnadh d'fhonn a bheith i dteideal lá iomlán saoire fleisc-ama. Ní féidir saoire Fleisc-ama a ghlacadh ach amháin tar éis don bhainisteoir cuí a (h)údarú a thabhairt faoi réir riachtanais oibriúcháin na roinne/rannóige.

3.4 Is féidir uasmhéid suas go dtí lá amháin saoire fleisc-ama a thógáil in aon tréimhse amháin.

4. Polasaí

4.1 Déanfar an taifeadadh ar Chóras Fleisc-ama Acmhainní Daonna. Is ar gach fostaí aonair atá an fhreagracht as a c(h)uid ama a thaifeadadh ar Chóras Fleisc-ama Acmhainní Daonna arna fhaomhadh ag an gCeann Roinne / ag an mBainisteoir Déanfar fleisc-am a ríomh thar thréimhse ceithre seachtaine.

4.2 Ón dáta a gcuirtear tús leis, ní mór do gach fostaí na hamanna a dtosaíonn siad / a chríochnaíonn siad a thaifeadadh. D'fhéadfadh aon sárú ar na rialacha, e.g. logáil isteach/amach d'fhostaí eile, a bheith ina chúis le gníomh araíonachta.

4.3 Laethanta Saoire Poiblí: Glactar leis gur oibrigh fostaí a lá caighdeánach do gach lá saoire poiblí fógartha.

4.4 Coinní Pearsanta: tugann córas na n-uaireanta cloig dochair agus sochair an tsolúbthacht don fhoireann coinní pearsanta a shocrú lasmuigh de na croí-uaireanta Samplaí de choinní dá leithéid is ea cuairt ar an bhfiaclóir, an dochtúir, an scoil nó ar Chomhairleoir gairmiúil

4.5 Ní mór don bhainisteoir líne obair a dhéantar lasmuigh d'uaireanta oifige a dheimhniú.

4.6 Coinneoidh gach roinn córas coigeartuithe a fhágfaidh gur féidir an scéim fleisc-ama a riar ar bhealach éifeachtach, cothrom agus tráthúil. Déanfaidh an córas coigeartuithe cúram d'eisceachtaí, cuir i gcás freastal ar chruinnithe lasmuigh den Champas etc. agus ní mór don bhainisteoir líne a leithéid a fhaomhadh.

4.7 Ní féidir ligean don scéim cur isteach ar ghnáthfheidhmiú na hOifige/Roinne/Rannóige/Dáimhe agus caithfear cloí le spriocdhátaí míosúla go háirithe, e.g. ní mór cloí le spriocanna párolla agus cuntas. Is faoin bhfoireann ar fad atá sé comhoibriú le chéile leis na spriocanna seo a bhaint amach.

4.8 Tá sé tábhachtach go mbeidh dóthain foirne ar fáil taobh amuigh de na croí-amanna chun an ghnáthobair a dhéanamh. Tá sé riachtanach, dá bhrí sin, go mbeadh an fhoireann ar fad ag comhoibriú le chéile. Caithfidh dóthain foirne a bheith i láthair i ngach oifig chun freastal ar riachtanais na seirbhíse.

4.9 Cuireann an scéim freagracht níos mó ar an bhfoireann ar fad comhordú a dhéanamh ar a gcuid uaireanta oibre le comhaltaí eile sa roinn/rannóg ina bhfuil siad.

4.10 Nuair a bhíonn ar an bhfoireann ragobair a dhéanamh níor cheart an t-am sin a thaifeadadh sa chóras fleisc-ama ó tharla nach féidir creidiúint ama a fháil ar thréimhsí a n-íoctar ragobair dóibh.

4.11 Is ar bhonn pro-rata, a bheidh ag teacht lena ngnáthphatrún oibre, a dhéanfar socruithe maidir le fleisc-am d'fhostaithe a roinneann post agus d'fhostaithe páirtaimseartha.

5. Riachtanais na hEagraíochta

5.1 Ní féidir le feidhmiú na scéime Fleisc-ama cur isteach ar bhealach diúltach ar chostais ná ar riachtanais oibriúcháin an hOllscoile. Cinnfidh an Ceann Roinne / Bainisteoir cuí na riachtanais sin

5.2 Tá an ceart ag an Ollscoil an áis Fleisc-ama a tharraingt siar má mheastar go bhfuil sí ag déanamh dochair dá cuid oibríochtaí.

5.3 Ar chríochnú a c(h)uid seirbhíse d'fhostaí, déanfar coigeartuithe a eascraíonn as aon uaireanta sochair nó dochair a carnadh de bhun fleisc-ama.

6. 6. Athbhreithniú ar an Scéim

6.1 Déanfar an scéim a athbhreithniú de réir mar is cuí.